C/2025/5775

28.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5775)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Tettnanger Hopfen'

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-0528-AM01 - 5.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Tettnanger Hopfen'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ TGFC

☐ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar críochaithe**

an Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Chónaidhme Dlí agus Cirt agus Cosanta Tomhaltóirí

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an TGFC 'Tettnanger Hopfen' le haon cheann de na trí chás ar 'leasú ar leibhéal an Aontais' iad faoi Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, go sonrach:

(a) i gcás táirgí talmhaíochta, athrú ar an ainm nó ar úsáid an ainm;

(b) an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) srianta breise ar mhargú an táirge, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a aicmiú mar 'leasú caighdeánach'.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tettnanger Hopfen

Tuairisc

Leasuithe ar an tsonraíocht táirge, roinn (b) 'Tuairisc'

Sa dara habairt de mhír 1, scriosadh an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 a bhí ann roimhe seo agus cuireadh isteach an tagairt do Rialachán (AE) 2024/1143 atá bailí anois. Sa chéad mhír, scriosadh an dá abairt dheireanacha, 'Fástar na cineálacha "Hallertauer Tradition" agus "Perle" sa bhreis ar na príomhchineálacha "Tettnanger" agus "Hallertauer Mittelfrüher" (ó bhí 1973 ann "Tettnanger Frühopfen" aonfhoirmeach; P. Heidtmann "Grünes Gold", 1994, lch. 342). Ní fhástar an cineál "Tettnanger" ach i réigiún Tettnang.' Sa chéad abairt de mhír 5, scriosadh na focail 'go hoifigiúil' agus cuireadh na focail 'sa bhreis air sin go minic' ina n-ionad, agus cuireadh na focail 'agus leannlusanna "blais"' isteach i ndiaidh na bhfocal 'cion ard aigéid alfa'. Sa dara habairt de mhír 5, scriosadh 'tá 96 % de leannlusanna Tettnang (na cineálacha Tettnanger agus Hallertauer) sa chatagóir "an dea-bholadh is fearr"; tá an 4 % eile (Perle agus Hallertauer Tradition) sa chatagóir "dea-bholadh".'

Cúis:

Nuair a tarraingíodh suas an tsonraíocht roimhe seo, ní raibh ach ceithre chineál aramatacha (Tettnanger, Hallertauer Mittelfrüher, Perle agus Hallertauer Tradition) á saothrú. Sa lá atá inniu ann, ós rud é go bhfástar líon mór cineálacha aramatacha, níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn de cheithre chineál a thuilleadh. Níor cheart aon ainm a shonrú, ós rud é go bhfuiltear fós ag cur leis an líon cineálacha. Cuireadh an chatagóir 'leannlusanna blais' (go háirithe cineálacha aramatacha) leis. Dá bhrí sin, ba cheart an chatagóir dea-bholaidh sin a áireamh.

Leasuithe ábhartha ar an doiciméad aonair:

Pointe 3.2 'Tuairisc ar an táirge'

Sa dara habairt de mhír 1, scriosadh an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 a bhí ann roimhe seo agus cuireadh isteach an tagairt do Rialachán (AE) 2024/1143 atá bailí anois. Sa chéad mhír, scriosadh an dá abairt dheireanacha, 'Fástar na cineálacha "Hallertauer Tradition" agus "Perle" sa bhreis ar na príomhchineálacha "Tettnanger" agus "Hallertauer Mittelfrüher" (ó bhí 1973 ann "Tettnanger Frühopfen" aonfhoirmeach; P. Heidtmann "Grünes Gold", 1994, lch. 42). Ní fhástar an cineál "Tettnanger" ach i Tettnang.' Sa chéad abairt de mhír 5, scriosadh na focail 'go hoifigiúil' agus cuireadh na focail 'sa bhreis air sin go minic' ina n-ionad, agus cuireadh na focail 'agus leannlusanna "blais"' isteach i ndiaidh na bhfocal 'cion ard aigéid alfa'. Sa dara habairt de mhír 5, scriosadh 'tá 96 % de leannlusanna Tettnang (na cineálacha Tettnanger agus Hallertauer) sa chatagóir "an dea-bholadh is fearr"; tá an 4 % eile (Perle agus Hallertauer Tradition) sa chatagóir "dea-bholadh".'

Leasuithe ar an tsonraíocht táirge, roinn (e) 'Próiseas táirgthe'

Leasaíodh an dara habairt de mhír 1 mar a leanas: Scriosadh na focail 'trí bhíthin gearrthóga riosóim a thógtar ó phlandaí an tsaothraí leannlusanna féin nó ó pháirceanna comharsanacha, agus ó réigiún Tettnang i gcónaí' agus cuireadh na focail 'a iomadaítear de ghnáth trí bhíthin gearrthóga riosóim nó plandaí pota, i gcás inar féidir agus i gcás ina mbíonn siad ar fáil ó réigiún fáis Tettnang.'. Sa dara habairt de mhír 2, cuirtear na focail 'idir dhá agus ceithre phéacán' in ionad na bhfocal 'ceithre phéacán'.

Cúis:

Mar a luadh cheana, tá cineálacha nua á saothrú. Ós rud é nach ndéantar aon phórú leannlusanna in Baden-Württemberg, ach go ndéantar amhlaidh sa Bhaváir, ba cheart deireadh a chur leis an srian 100 % agus leis an ngealltanas don iomadú laistigh de limistéar fáis Tettnang nó é a fhorlíonadh le foclaíocht éagsúil. Ní mór 'idir dhá phéacán agus ceithre phéacán' a chur isteach toisc go gceadaítear freisin le córais nua fáis agus le cineálacha nua treoraíocht maidir le dhá phéacán nó, go ginearálta, trí phéacán.

Níl aon leasú ar an bpointe sin sa doiciméad aonair.

Leasuithe ar an tsonraíocht táirge, pointe (f) 'Nasc leis an limistéar geografach'

Pointe (1) 'Sainiúlacht an limistéir gheografaigh'

An abairt dheireanach de mhír 1: Cuireadh na focail 'go dtí an tráth sin' isteach roimh na focail 'leannlusanna aramatacha amháin'.

Pointe (2) ‘Sainiúlacht an táirge’

I Mír 1, scriosadh an dara habairt agus an tríú habairt, ‘Fástar na cineálacha “Hallertauer Tradition” agus “Perle” sa bhreis ar na príomhchineálacha “Tettnanger” agus “Hallertauer Mittelfrüher”. Ní fhástar an cineál “Tettnanger” ach i réigiún Tettnang.’.

Mír 3: ‘Tá 96 % de leannlusanna Tettnang (na cineálacha Tettnanger agus Hallertauer) sa chatagóir “an dea-bholadh is fearr”; tá an 4 % eile (Perle agus Hallertauer Tradition) sa chatagóir “dea-bholadh”.’

Sa dara habairt de mhír 4, scriosadh na focail ‘i saotharlann leannlusanna Tettnang’ agus cuireadh na focail ‘le linn cigireacht neamhspleách cáilíochta (Neutrale Qualitätsfeststellung, NQF)’ ina n-ionad.

Cúis:

Arís eile, ní raibh ach ceithre chineál á saothrú roimhe sin; tá méadú tagtha ar an líon sin anois. Is é an toisc chinntitheach fós go ‘sainítear Tettnanger Hopfen mar chineálacha dea-bholaithe ó réigiún Tettnang’. Figiúirí céatadáin a scriosadh toisc go bhféadfadh athrú teacht ar na céatadáin gach bliain de réir dhálaí an mhargaidh agus na mbarr. Ó bhí buaint 2022 ann, ní hann do ‘shaotharlann leannlusanna Tettnang’ a thuilleadh agus dá bhrí sin scriosadh í dá réir.

Leasuithe ábhartha ar an doiciméad aonair:

Pointe 5.1 ‘Sainiúlacht an limistéir gheografaigh’

Mír 1, an abairt dheireanach: Cuireadh na focail ‘go dtí an tráth sin’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘I limistéar Tettnang’.

Pointe 5.2 ‘Sainiúlacht an táirge’

I Mír 1, scriosadh an dara habairt agus an tríú habairt, ‘Fástar na cineálacha “Hallertauer Tradition” agus “Perle” sa bhreis ar na príomhchineálacha “Tettnanger” agus “Hallertauer Mittelfrüher”. Ní fhástar an cineál “Tettnanger” ach i réigiún Tettnang.’.

Mír 3: ‘Tá 96 % de leannlusanna Tettnang (na cineálacha Tettnanger agus Hallertauer) sa chatagóir “an dea-bholadh is fearr”; tá an 4 % eile (Perle agus Hallertauer Tradition) sa chatagóir “dea-bholadh”.’

Sa dara habairt de mhír 5, scriosadh na focail ‘i saotharlann leannlusanna Tettnang’ agus cuireadh na focail ‘le linn cigireacht neamhspleách cáilíochta (Neutrale Qualitätsfeststellung, NQF)’ ina n-ionad.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Tettnanger Hopfen’

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-0528-AM01 - 5.8.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Tettnanger Hopfen’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Ghearmáin

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

1210 20 - Buaircíní leannlusanna, iad meilte, púdraithe nó i bhfoirm millíní; lúpailin

1210 10 - Buaircíní leannlusanna, gan iad meilte, púdraithe ná i bhfoirm millíní

1210 20 90 - Eile

1302 13 - Súnna agus eastóscán leannlusanna

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Luibheolaíocht: Ó thaobh na luibheolaíochta de, baineann an hopa (*Humulus lupulus*) leis an bhfine chéanna leis an gcnáib (*Cannabaceae*) agus leis an ord *Urticales* (neantóga). Is planda dé-éiciach é, i.e. ní bhíonn ach bláthanna baineanna nó bláthanna fireanna amháin ar gach planda. Ní shaothraítear ach na plandaí 'baineanna', óna bhfásann bláthanna a dtugtar leadáin orthu, a ndéantar buaircíní díobh tráth níos déanaí. Ní bheidh feidhm ag an gcosaint a thugtar le Rialachán (AE) 2024/1143 (Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 roimhe seo) ach amháin maidir le buaircíní leannlusanna baineanna (leannlusanna úra) agus maidir leis na táirgí a fhaightear trína bpróiseáil (sa chás seo, millíní leannlusanna agus eastóscán leannlusanna go háirithe). Is éard atá i mbuaircín leannlusanna brachtanna, brachtíní agus craobhóg trína gcuirtear comhábhair luachmhara grúdaireachta Tettnanger Hopfen ar fáil. Is planda gearrlae é an leannlus, i.e. fásann sé san earrach agus na laethanta ag dul chun síneadh, agus bláthaíonn sé ó thart ar an 21 Meitheamh nuair a bhíonn na laethanta ag éirí níos giorra. A bhuí leis na dálaí fabhracha ina bhfásann siad (ithir, leibhéil frasaíochta agus meánteochtaí), is féidir le Tettnanger Hopfen airde 8,3 m a bhaint amach, murab ionann agus leannlusanna i limistéir eile (is iondúil go mbíonn córais tacaíochta i limistéir fáis eile 7-7,5 m ar airde). Fásann Tettnanger Hopfen go tapa (suas le 30 cm in aghaidh an lae) agus dreapann sé ar deiseal.

Sainítear gach cineál aramatach ó réigiún Tettnang mar 'Tettnanger Hopfen'.

Úsáid: Úsáidtear Tettnanger Hopfen beagnach go heisiach (thart ar 99 %) chun beoir a tháirgeadh, agus baintear úsáid as cuid bheag de i dtáirgí cógaisíochta. Faigheann custaiméirí Tettnanger Hopfen i bhfoirm phróiseáilte mar mhillíní leannlusanna agus, ar bhonn níos lú, mar eastóscán leannlusanna (ós rud é gur féidir dea-bholaithe luachmhara a chailleadh le linn an phróisis eastósctha).

Comhpháirteanna: Is iad na substaintí tábhachtacha i leannlusanna substaintí searbha (roisín leannlusanna), dea-bholaithe (blátholaí) agus tainniní (polaifeanóil). Sainítear Tettnang mar limistéar chun cineálacha aramatacha leannlusanna a fhás.

Tá cáil ar Tettnanger Hopfen ar fud an domhain mar gheall den chuid is mó ar dhea-bholaithe thar a bheith éadrom, atá comhdhéanta de bhreis agus 300 comhábhar bláthola ('cumhracht' an leannlusa). I measc na dtuairiscí ar dhea-bholadh Tettnanger Hopfen tá bláthach, citris, torthaíoch, cosúil le cuiríní dearga, milis agus spíosrach. Tugtar tuairisc ar leannlusanna a fhástar i limistéar Tettnang mar leannlusanna a mbíonn dea-bholadh comhchuí orthu go ginearálta ach ar dea-bholadh lán agus séimh é a mhaireann.

I dteannta an aicmithe sin, is minic a aicmíonn an gnó leannlusanna na cineálacha mar leannlusanna ar a mbíonn 'an dea-bholadh is fearr', leannlusanna 'dea-bholaidh', leannlusanna 'searbha', leannlusannna ina mbíonn 'cion ard aigéid alfa' agus leannlusanna 'blais'. Ós rud é nach bhfuil roinnt mhaith de na 300 comhpháirt aramatach inbhraite go céadfach go fóill, is é an tuairim shuibiachtúil fós ar an dea-bholadh atá tábhachtach do chinnteoirí agus ceannaitheoirí na ngrúdlann (agus a roghnú á dhéanamh ag na ceannaitheoirí, cuireann siad a srón i measc na leannlusanna). Deir siad siúd a bhfuil an-chur amach acu ar an réimse sin gurb iad Tettnanger Hopfen na leannlusanna is fearr dá bhfuil ann.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

An próiseas táirgthe leannlusanna uile go dtí an nóiméad a dhéanann na saothraithe leannlusanna na buaircíní leannlusanna a phacáistiú agus go séalaítear agus go ndeimhnítear iad ag an lárionad séalaithe áitiúil, tarlaíonn sé sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Is é réigiún Tettnang an limistéar geografach. Áirítear sa mhéid sin:

(1) i gceantar Loch Constance (Bodenseekreis)
na bardais Eriskirch, Friedrichshafen, Hagnau am Bodensee, Immenstaad am Bodensee, Kressbronn am Bodensee, Langenargen, Markdorf, Meckenbeuren, Neukirch, Oberteuringen agus Tettnang;

(2) i gceantar tuaithe Ravensburg
na bardais Achberg, Amtzell, Berg, Bodnegg, Grünkraut, Ravensburg, Wangen im Allgäu (limistéar iarbhardas Neuravensburg agus Schomburg); agus

(3) na bardais Bodolz, Lindau (Bodensee), Nonnenhorn agus Wasserburg (Bodensee) i gceantar tuaithe Lindau (Bodensee).

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ Clú

☑ Cáilíocht áirithe

☐ Saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Téann an chéad taifead oifigiúil d'fhás leannlusanna i réigiún Tettnang siar go 1150 (P. Heidtmann, 'Grünes Gold' ['An tÓr Glas'], 1994, lch. 12). Tugtar ainmneacha 14 ghrúdlann sna taifid le haghaidh 1838 den *Oberamt Tettnang* mar a tugadh air an tráth sin (féach 'Beschreibung des Oberamts Tettnang' le Memminger, 1838, lch. 62), trí cinn díobh ann a bhain leis an mbaile. 3 bliana ina dhiaidh sin, in 1841, bhí an líon sin ardaithe go sé cinn (P. Heidtmann, 'Grünes Gold', 1994, lch. 13). D'fhás úinéirí na ngrúdlann a leannlusanna féin. Ba é an dochtúir Johann Nepomuk von Lentz agus ochtar saoránach den bhaile a thug isteach saothrú modheolaíoch leannlusanna in 1844 i limistéar nach raibh sé chomh indéanta físonsaothrú a dhéanamh ann mar gheall ar dhálaí aeráide (P. Heidtmann, 'Grünes Gold', 1994, lch. 15). Ó bhí 1860 ann, leathnaigh limistéar fáis na leannlusanna, gur buail sé le réigiún fáis níos sine Altshausen ó thuaidh (áit ar saothraíodh leannlusanna ó bhí thart ar 1821 ann; P. Heidtmann, 'Grünes Gold', 1994, lch. 14). In 1864 saothraíodh 91 ha; d'ardaigh an figiúr sin go 160 ha in 1866, 400 ha in 1875, agus 630 ha in 1914 (P. Heidtmann, 'Grünes Gold', 1994, lch. 22 et seq.). Tháinig an méadú ba mhó ar an réigiún ina bhfásann leannlusanna timpeall Tettnang sna 1990í, nuair a mhéadaigh an limistéar a shaothraítear go 1 650 heicteár (Tuarascáil 1997 ar mhargadh leannlusanna an Aontais, tuarascáil 1997 ón ngrúpa táirgeoirí HVG). I réigiún Tettnang, go dtí an tráth sin, níor roghnaíodh agus níor fásadh ach leannlusanna aramatacha.

Ní fhástar Tettnanger Hopfen ach ar ghairbhéal na léibheann íochtarach a fhoirmítear ó thill mhoiréin dhéanaigh d'oighriúchán Würm in abhantrach Schussen, feadh Abhainn Argen agus a bhruacha oighearaoise. Leis an bhfoirmíocht gheolaíoch sin ina bhfuil sruthanna screamhuisce foluiteacha, is féidir leis na leannlusanna fréamhacha suas le 2 m ar doimhneacht a fhás. An tráth céanna, soláthraíonn sé foinse thaise leanúnach do na leannlusanna fiú le linn tréimhsí triomaigh fhoircnigh. Toisc thábhachtach eile a chinneann dea-bholadh Tettnanger Hopfen is ea an aeráid mheasartha atá ann, idir 400 m agus 600 m os cionn mheánleibhéal na mara agus faoi thionchar Loch Constance i bpáirt.

Fástar Tettnanger Hopfen i ndálaí aeráide (meánteochtaí bliantúla, uaireanta an chloig gréine, frasaíocht) atá uathúil. Le teocht 9,4 °C, beagnach 1 800 uair an chloig gréine agus 1 136 mm de bháisteach, tá na meánfhigiúirí a taifeadadh le 30 bliain anuas (sonraí 2009) i bhfad níos airde ná na figiúirí i réigiúin fáis eile sa Ghearmáin.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Sainítear gach cineál aramatach ó réigiún Tettnang mar 'Tettnanger Hopfen'.

Tá dea-bholaithe thar a bheith éadrom in Tettnanger Hopfen atá comhdhéanta de bhreis agus 300 comhábhar bláthola ('cumhracht' an leannlusa). I measc na dtuairiscí ar dhea-bholadh Tettnanger Hopfen tá bláthach, citris, torthaíoch, cosúil le cuiríní dearga, milis agus spíosrach. Tugtar tuairisc ar leannlusanna a fhástar i limistéar Tettnang mar leannlusanna a mbíonn dea-bholadh comhchuí orthu go ginearálta ach ar dea-bholadh lán agus séimh é a mhaireann.

Tá ardleibhéal aonchineálachta ina shaintréith de Tettnanger Hopfen freisin. Cruthaítear é sin leis an scrúdú cáilíochta seachtrach bliantúil ar bhaisceanna leannlusanna le linn cigireacht neamhspleách cáilíochta (Neutrale Qualitätsfeststellung, NQF). I gcás an chineáil Tettnanger dheimhnigh Ollscoil Hohenheim é sin freisin agus dheimhnigh grúdlann Anheuser/Busch an cineál Hallertauer Mittelfrüher.

Tá cáil ar Tettnanger Hopfen a sháraíonn teorainneacha réigiúnacha. Thaitin dea-bholadh éadrom na leannlusanna ó Tettnang go mór le saineolaithe sa tSeapáin agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá araon. Tá sampla amháin den urraim agus den bhaint atá ag an táirge le cáilíocht le fáil i Stáit Aontaithe Mheiriceá, áit nach annamh le grúdairí lipéad a chur ar a gceaigeanna ar a luaitear gur 'Grúdaíodh le Leannlusanna Tettnang' an t-ábhar. Ciallaíonn cáilíocht Tettnanger Hopfen go meallann siad na praghsanna díola is airde i gcónaí (tuarascálacha bliantúla an Aontais sna 1990í, tuarascálacha bliantúla ó 1990 go 2000 ó Bayerische Landesanstalt; P. Heidtmann, 'Grünes Gold', 1994, lgh. 368 agus 369). Tá saol shaoránaigh Tettnang bunaithe ar leannlusanna, rud a dheimhnítear leis na struchtúir agus na himeachtaí réigiúnacha a dhíríonn ar Tettnanger Hopfen. I Músaem Leannlusanna Tettnang, a d'oscail in 1995, déantar fianaise ar an dúspéis atá sa bhaile i bhfás leannlusanna. Insítear i rian oideachais 4 km do chuairteoirí ar spéis leo é gach eolas a theastóidh uathu faoi Tettnanger Hopfen. Tá conair chiorclach rothaíochta 42 km a théann trí réigiún fáis leannlusanna Tettnang. Gach bliain i mí Lúnasa, díreach roimh an mbuaint, tagann saoránaigh Tettnang le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar thraidisiún fada a 'n-ór glas' ag an bhFéile Leannlusanna in Tettnang-Kau. Agus ar deireadh, gach 2 bhliain toghtar 'Mórgachtaí Leannlusanna Tettnang' (Aon Bhanríon Leannlusanna amháin agus beirt Bhanphrionsaí) mar ambasadóirí Tettnanger Hopfen don bhaile agus thar lear.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)*

Soláthraíonn an teaglaim de na tosca geolaíocha agus aeráide sin na dálaí is fearr do Tettnanger Hopfen chun buaircíní a fhás agus a tháirgeadh, agus áirithítear aonchineálacht leis mar gheall ar thosca geografacha, den chuid is mó. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag na dálaí ithreach sa limistéar geografach sainithe agus ag an aeráid measartha séimh, i bpáirt mar gheall ar thionchar Loch Constance, maidir le mion-dea-bholadh Tettnanger Hopfen a chinneadh. Is é an dea-bholadh sin atá ríthábhachtach maidir lena cháil dhomhanda. Ciallaíonn traidisiún fada an tsaothraithe leannlusanna i réigiún Tettnang freisin go samhlaíonn an pobal áitiúil iad féin go láidir le Tettnanger Hopfen agus go bhfuil sé mar chuid dá gcultúir.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://register.dpma.de/DPMAregister/geo/detail.detailtabelle.pdfdownload/42620